Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0255

Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas agus Meicsiceo

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Iúil 2026 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo (12421/2025 – C10-0126/2026 – 2025/0271(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12421/2025),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo (12422/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 91(1), le hAirteagal 100(2), agus le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0126/2026),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0198/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiúin agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo.